An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

An Roinn Caiteachais Phoiblí
Sheachadadh PFN agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure
NDP Delivery and Reform



# Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2023

## Ceisteanna Coitianta

Tá Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse (CSEES) á chur i bhfeidhm faoi Phlean Athchóirithe reatha na Státseirbhíse. Dearadh é chun do thuairim a chur in iúl maidir le do thaithí ag an obair, sa roinn agus sa Státseirbhís.

Is é cuspóir CSEES rannpháirtíocht fostaithe, folláine fostaithe, modhanna foirne chun dul i ngleic le hathrú, agus tiomantas na foirne don eagraíocht a thomhas agus a mheas. Tugann rannpháirtíocht sa suirbhé deis thábhachtach d'fhostaithe a dtuairim a chur in iúl. Cabhróidh na torthaí freisin le bonn eolais a chur faoi chinntí bainistithe straitéisí agus faoi sheachadadh Phlean Athnuachana na Státseirbhíse.

Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus Bord um Bhainistiú na Státseirbhíse (CSMB), lena n-áirítear Ceannairí uile Ranna Rialtais agus Móroifigí, de chúram ar an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) an suirbhé a riar agus na torthaí a phróiseáil.

Beidh CSEES beo ar feadh coicíse ón 11 go dtí an 22 Meán Fómhair 2023.

Beidh rochtain ar an suirbhé ag gach státseirbhíseach trí nasc agus pasfhocal ar leith.



# CSEES 2023

**HAVE YOUR SAY**
ABAIR LEAT

## Cad é CSEES?

Dearadh an Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse (CSEES) chun do thaithí ag an obair, sa roinn, sa Státseirbhís agus nithe eile a bhaineann leis an obair a chur in iúl.

## Cathain a dhéanfar an suirbhé in 2023?

Déanfar an suirbhé ar feadh coicíse ón 11 - 22 Meán Fómhair 2023.

## Cad é cuspóir an tsuirbhé?

Is é cuspóir CSEES ceannaireacht, rannpháirtíocht, feidhmíocht agus oibriú ar fud na Státseirbhíse a thomhas agus a mheas. Cabhróidh torthaí CSEES freisin le bonn eolais a chur faoi chinntí bainistíochta straitéisí agus faoi sheachadadh Phlean Athnuachana na Státseirbhíse.

## Cé a bheidh ag glacadh páirt sa suirbhé?

Tabharfar deis do gach státseirbhíseach gníomhach páirt a ghlacadh sa suirbhé. Is deis thábhachtach í seo do státseirbhísigh a dtuairim a chur in iúl.

## Conas is féidir páirt a ghlacadh sa suirbhé?

Is ar líne amháin atá CSEES ar fáil. Beidh gach státseirbhíseach in ann páirt a ghlacadh trí cheistneoir ar líne a chomhlánú. Cuirfear rochtain ar fáil trí nasc a scaipfear ar gach ball foirne trína Roinn nó trína Oifig.

## Cá fhad a thógann sé an suirbhé a chomhlánú?

Tógann sé thart ar 15 nóiméad an suirbhé a dhéanamh.

## An bhfuil sé éigeantach páirt a ghlacadh?

Níl sé éigeantach páirt a ghlacadh, ach spreagtar rannpháirtíocht ionas go mbeidh deis agat do thuairimí a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le do ról sa Státseirbhís.

## An gcaithfidh mé an suirbhé a líonadh laistigh d'aon seisiún amháin?

Is fearr an suirbhé a chríochnú in aon seisiún amháin. Déantar do fhreagraí a shábháil go huathoibríoch de réir mar a théann tú ar aghaidh tríd an suirbhé. Is féidir leat filleadh chun an suirbhé a chríochnú níos déanaí ag baint úsáid as an nasc cineálach céanna agus as an mbrabhsálaí idirlín céanna.

Má tá an ríomhaire/ríomhaire glúine céanna á úsáid ag úsáideoirí éagsúla chun an suirbhé a dhéanamh, caithfear an suirbhé a dhéanamh laistigh d'aon seisiún amháin.



# CSEES 2023

## HAVE YOUR SAY
ABAIR LEAT

## Cén cineál ceisteanna a bheidh le freagairt agam?

Baineann na ceisteanna sa suirbhé le do phost, le d'eagraíocht mar fhostóir agus le nithe eile a bhaineann leis an obair. Léiríonn an chuid is mó de na ceisteanna do thuairim ar chúrsaí oibre trí ráitis thábhachtacha a chur i láthair agus trí cheisteanna a chur a iarrann ort a roghnú a láidre agus a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas.

## An mbeifear in ann mo fhreagraí a nascadh ar ais chugam?

Ní bheidh, dearadh an suirbhé seo ar bhealach nach féidir faisnéis a rianú ar ais chugat. Caitear le gach píosa eolais a fhaigheann an Phríomh-Oifig Staidrimh mar fhaisnéis go hiomlán faoi rún. Scriosfaidh an córas suirbhé go huathoibríoch aon fhaisnéis aitheantais ar nós seoladh IP.

## Cá mhinice a dhéanfar CSEES?

Is é seo ceathrú atriall CSEES tar éis shuirbhéanna 2015, 2017 agus 2020. Déanann CSEES monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú.

## Cé atá i mbun CSEES?

Chuir Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (CSMB) de chúram ar an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) an suirbhé a riar agus na torthaí a phróiseáil.

Is é CSMB an Rialaitheoir Sonraí do CSEES. Cinneann an Rialaitheoir Sonraí na cuspóirí agus an bealach a ndéantar aon sonraí pearsanta amhail sonraí freagartha CSEES a phróiseáil. Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh an Próiseálaí Sonraí do CSEES. Coimeádann agus próiseálann an Próiseálaí Sonraí sonraí pearsanta, amhail sonraí freagartha CSEES de réir an dea-chleachtais cosanta sonraí.

## Cén fáth a bhfuil an Phríomh-Oifig Staidrimh ag bailiú na sonraí agus ní an Roinn ná an Oifig ar leith?

Chuir CSMB de chúram ar an bPríomh-Oifig Staidrimh an suirbhé a dhéanamh mar gur saineolaithe iad i réimsí an iniúchta, na hanailíse agus na n-aschur staitistiúil. Tá sé de chumas ag an bPríomh-Oifig Staidrimh rúndacht iomlán a chinntiú do gach ball foirne a ghlacann páirt sa suirbhé agus is féidir léi aschuir staitistiúla a tháirgeadh ar thorthaí gach Roinne/Oifige ar bhealach neamhchlaonta agus neamhspleách.

## Cad iad na sonraí atá á mbailiú?

Is iad sonraí freagartha suirbhé na haon sonraí atá á mbailiú. Áirítear leis sin freagraí ar cheisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht fostaithe, folláine, láimhseáil an athraithe, ceannaireacht agus tiomantas don eagraíocht. Cuireadh ceisteanna nua le suirbhé 2023 a bhaineann le hObair Chumaisc chomh maith le ceisteanna a bhaineann le croíluachanna na Státseirbhíse nár cuireadh san áireamh in atriallta roimhe seo den suirbhé in 2015, 2017 agus 2020.



# CSEES 2023

## HAVE YOUR SAY
ABAIR LEAT

## Cé a bheidh in ann breathnú ar fhreagraí an tsuirbhé?
Feicfidh foireann CSEES na Príomh-Oifige Staidrimh freagraí an tsuirbhé. Dearadh an córas suirbhé chun bailiú anaithnid sonraí a chinntiú. Ní bheidh sé indéanta tuairisceán suirbhé comhlánaithe a nascadh le haon duine ar leith. Déanfar na torthaí a chur le chéile lena chinntiú nach mbeidh aon sonraí ar fáil do ghrúpaí ina bhfuil níos lú ná 10 bhfreagróir.

## Cad a dhéanfar leis an eolas a bhailítear?
Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh anailís ar fhreagraí an tsuirbhé. Foilseofar tuarascáil Státseirbhíse agus scaipfear tuairiscí do gach Roinn nó Oifig chomh maith. Is é seo an ceathrú atriall den CSEES tar éis shuirbhéanna 2015, 2017 agus 2020 agus déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú.

Beidh sé de fhreagracht ar gach Roinn nó Oifig ar leith gníomhú ar thorthaí na tuarascála. Coinneofar na sonraí anaithnidithe ón CSEES le haghaidh anailís bhreise, lena n-áirítear comparáid le suirbhéanna amach anseo. Féadfaidh taighdeoirí éagsúla anailís a dhéanamh orthu amach anseo faoi théarmaí agus faoi choinníollacha dochta atá leagtha síos ag CSMB a chinntíonn rúndacht na bhfreagróirí.

## An stórálfar sonraí an tsuirbhé go slán?
Sea, stórálfar na sonraí go slán.  Stóráiltear sonraí a chuirtear ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh ar líonra inmheánach TF na Príomh-Oifige Staidrimh áit a bhfuil slándáil chuí, rialuithe rochtana cuí i bhfeidhm chomh maith le nósanna imeachta cúltaca agus aisghabhála.  Laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh, is ag foireann CSEES amháin atá sonraí an tsuirbhé anaithnidithe ar fáil.

Déanann cuideachta TF 3ú páirtí a thacaíonn le córais na Príomh-Oifige Staidrimh agus a sholáthraíonn bonneagar Néalríomhaireachta, na sonraí a phróiseáil ar dtús agus úsáidtear iad chun tacú leis an ardán ar a ritheann an tseirbhís Bailithe Sonraí Suirbhé. Aistrítear sonraí go rialta chuig córais inmheánacha na Príomh-Oifige Staidrimh le haghaidh tuilleadh próiseála iartheachtacha, scriostar aon sonraí ar an Néal ansin.

## Cá fhad a stórálfar sonraí an tsuirbhé?
Scriostar sonraí nach gcomhlíontar tar éis 14 lá mura bhfuil aon ghníomhaíocht bhreise ann.  Ní stóráiltear sonraí suirbhé a chuirtear ar aghaidh sa Néal agus seoltar iad chuig líonraí inmheánacha na Príomh-Oifige Staidrimh áit a stóráiltear iad ar feadh tréimhse éiginnte le haghaidh tuilleadh anailíse agus tuairiscithe.